



General Certificate of Secondary Education  
2011–2012

## Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte

Modúl 2

Ardsraith

[GSC22]

DÉ LUAIN 27 FEABHRA 2012

11.00 am–11.45 am



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

AM

45 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


Don Scrúdaitheoir  
amháin

Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	

Marc  
Iomlán



- 1 (a) Taispeánann an graf seo a leanas an dóigh a mbíonn na leibhéil antasubstaintí ag athrú san fhuil i ndiaidh do dhuine vacsaíniú a fháil.



Ná húsáid **ach** an fhaisnéis a thugtar le cuid (i) agus cuid (ii) a fhreagairt.

- (i) Luaigh fáth **amháin** a dtugtar vacsínithe in éadan galair choitianta do leanaí agus do pháistí óga roinnt míonna sula ndéanfaid siad teagmháil le hionfhabhtuithe.

\_\_\_\_\_ [1]

- (ii) Cén fhianaise atá ann go dtugann vacsaínithe cosaint fhadtéarmach?

\_\_\_\_\_ [1]

- (b) Fuair Coilín vacsaíniú in aghaidh an fhliú i Mí Mheán Fómhair. Tháinig ionfhabhtú an víris fliú air i Mí Feabhra. Mínigh cén dóigh nár tháinig tinneas air cionn is go raibh an vacsaíniú aige.

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [4]

- (c) (i) Nuair atá daoine ag dul go tíortha áirithe caithfidh siad vacsaínithe ‘taistil’ a fháil sula n-imíonn siad.

Mínigh cad chuige a bhfuil na vacsaínithe taistil seo riachtanach.

---

---

---

[2]

- (ii) Ainmnigh an cineál imdhíonachta atá i gceist le vacsaínithe taistil.

---

[1]

2 (a) Is sampla é an diúilicín riabhach de speiceas ionrach iomaíoch.



© Crown Copyright – Department of the Environment  
<http://archive.nics.gov.uk/env/050701b-env.htm>

Tá siad i ndiaidh dul isteach i gcuid mhór de na príomh-uiscebhealaí i dTuaisceart Éireann agus tá siad ag déanamh dochair do ghnáthóga nádúrtha. Ba de thaisme a tugadh diúilicíní riabhacha isteach go hÉirinn mar gheall ar ghníomhaíocht dhaonna. Táirgeann siad substaint ghreamaitheach a fhágann go dtig leo greamú de rudaí crua amhail carraigeacha nó tóin bhád.

- (i) Luaigh dóigh **amháin** ar chuidigh an duine le diúilicíní riabhacha teacht isteach go hÉirinn.

\_\_\_\_\_ [1]

- (ii) Ainmnigh speiceas ionrach iomaíoch **amháin** eile.

\_\_\_\_\_ [1]

- (iii) Luaigh **dhá** shaintréith a bhaineann le speicis ionracha iomaíocha.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

- (b) Is féidir faisnéis aibitheach agus faisnéis bhitheach a úsáid le monatóireacht a dhéanamh ar fholláine na timpeallachta.


- (i) Cad é a chiallaíonn toisc bhitheach?

\_\_\_\_\_ [1]

- (ii) Ainmnigh orgánach **amháin** is féidir a úsáid le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil truailithe.

\_\_\_\_\_ [1]

3 (a) Taispeánann an graf seo a leanas treochtaí maidir le caitheamh tobac agus ailse scamhóg i bhfir idir 1960 agus 2010.



(i) Luaigh fáth **amháin** a bhfuil laghdú, le blianta beaga anuas, ar líon na bhfear a chaitheann tobac.

\_\_\_\_\_ [1]

(ii) Ba ghnách le breis agus 80% de na fir ar tháinig ailse scamhóg orthu tobac a chaitheamh. Ainmnigh fáth **amháin** a dtiocfadh ailse scamhóg ar dhuine nach gcaitheann tobac.

\_\_\_\_\_ [1]

(iii) Ainmnigh galar scamhóg **amháin** eile a bhfuil caitheamh tobac ina chúis leis.

\_\_\_\_\_ [1]

(b) Le laghdú ar an dochar a dhéanann alcól, mhaolaigh an Rialtas an dlí a bhaineann le ham druidte beár agus clubanna. Is iomaí beár agus club atá oscailte i bhfad níos moille ná mar a bhíodh agus ní ag an am céanna a dhruideann na beáir agus na clubanna uilig i lár na cathrach.

Luaigh dóigh **amháin** a mbeadh sé seo ina chuidiú leis an dochar a bhaineann le halcól a laghdú.

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [1]

- 4 (a) Taispeánann an tábla seo thíos an líon iasc ar rug bád amháin orthu in 2000 agus 2010 chomh maith le meánmheáchan na n-iasc.

Bliain	Líon/mílte	Meánmheáchan/ kg
2000	13.7	0.67
2010	9.8	0.96

- (i) Ríomh an méadú ar mheánmheáchan na n-iasc ar rugadh orthu ó 2000 go 2010.

\_\_\_\_\_ kg [1]

- (ii) Luaigh fáth leis an athrú seo.

\_\_\_\_\_ [1]

- (iii) An fhaisnéis in úsáid agat, mínigh cad chuige a bhfuil an brabús céanna ag na hiascairí in 2010 agus a bhí acu in 2000 cé gur rug siad ar líon is lú iasc.

\_\_\_\_\_ [1]

- (b) Caithfear stoic bhia an domhain a choinneáil leis an daonra atá ag méadú a chothú.

Luaigh **dhá** fháth a bhfuil an daonra ag méadú.

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [2]

- 5 (a) Comhlánaigh an timthriall carbóin lena léiriú cad é mar a bhaineann na próisis d'fhótaisintéis, de riospráid, d'iontasiú agus de dhóchán dé-ocsaíd charbóin amach as an aer agus cad é mar a chuireann siad isteach san aer í.

Dé-ocsaíd charbóin  
san aer

[3]

- (b) Tarlaíonn téamh domhanda cionn is gur éirigh an timthriall carbóin 'neamhchothromaithe' le 150 bliain anuas agus is é seo is cúis leis an mhéadú ar na leibhéil dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar.

Luaigh **dhá** fháth ar éirigh an timthriall carbóin 'neamhchothromaithe'.


---

---

---

[2]

- (c) Comhlánaigh an léaráid seo thíos lena thaispeáint cad é mar atá na leibhéil dé-ocsaíd charbóin a bheith ag méadú ina chúis le téamh domhanda.



© CCEA GCSE Single Award Science by A McFarland, C Murphy & J Napier, page 38, published by Hodder Education, 2009. ISBN 9780340974728. 'Reproduced by permission of Hodder Education'.

[1]

- (d) Ba chomhaontú idirnáisiúnta é prótacal Kiótó (1997) a raibh mar chuspóir aige téamh domhanda a mhoilliú.

Luaigh fáth **amháin** a gcaithfear comhaontú eile a chur i bhfeidhm anois in áit phrótacal Kiótó.

---

---

[1]



- 6 (a) Taispeánann an pictiúr seo thíos grúpa daoine i mbun agóide ar son cearta ainmhithe.



Foinse: © Alex Macnaughton / Rex Features Ltd

- (i) Ainmnigh na céimeanna a bhíonn ann, maidir le forbairt drugaí, díreach roimh an tástáil ainmhithe agus díreach ina diaidh.

Roimh \_\_\_\_\_ Ina diaidh \_\_\_\_\_ [1]

- (ii) Seachas ceisteanna eiticiúla, luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le hainmhithe a úsáid le drugaí a fhorbairt.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

- (iii) Luaigh dóigh mhalartach **amháin** ar thástáil ainmhithe.

\_\_\_\_\_ [1]


- (b) Mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an phróifiliú ghéiniteach dhaonna (DNA leithleach a oibriú amach do gach duine – ar próiseas sofaisticiúil costasach é) beifear in ann cóireáil drugaí a ‘dhearadh’ do gach othar faoi leith. Fágann sé seo go mbainfidh na cineálacha agus na láidreachtaí drugaí le gach othar faoi leith .i. ‘drugaí deartha’.

Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le ‘drugaí deartha’.

Buntáiste \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Míbhuntáiste \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

- 7 Taispeánann an graf seo a leanas na héifeachtaí atá ag antaibheathach ar an líon baictéar atá ag fás i mias Petri.



Cuireadh antaibheathach den chineál chéanna agus den láidreacht chéanna isteach sa mhias Petri ag am A agus ag am B.

- (a) Cén fhianaise atá ann go raibh céatadán iontach beag de na baictéir frithsheasmhach in éadan antaibheathaigh ag tús an turgnaimh?

---



---

[1]

- (b) Cad é mar a léirítear an dá cheann acu seo thíos sa ghráf:

- (i) roghnú nádúrtha?

---



---

[2]

- (ii) éabhlóid?


---



---

[2]

(c) Tá sé tábhachtach go mbeidh teicníocht aiseipteach in úsáid agus turgnamh ar bhaictéir ar bun.



Bíonn an fearas thuas in úsáid le baictéir a aistriú ó bhuidéal saothráin A go dtí an mhias Petri. Luaigh **trí** rud a dhéanfa san aistriú le héilliú a sheachaint.

---

---

---

---

[3]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPÁIPÉIR**

---

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.